Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 23 Deireadh Fómhair 2023**
**(OR. en)**

**14605/23**

**ENT 221**
**CHIMIE 92**
**MI 894**
**COMPET 1029**
**IND 555**
**SAN 610**
**ENV 1173**
**CONSOM 379**
**DELACT 165**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 19 Deireadh Fómhair 2023 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | C(2023) 6928 final |
| Ábhar: | RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN<br>an 19.10.2023<br>lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 a mhéid a bhaineann le haicmiú agus lipéadú comhchuibhithe substaintí áirithe |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad C(2023) 6928 final.

---

Faoi iamh: C(2023) 6928 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 19.10.2023
C(2023) 6928 final

**RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN**

**an 19.10.2023**

**lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 a mhéid a bhaineann le haicmiú agus lipéadú comhchuibhithe substaintí áirithe**

(Téacs atá ábhartha maidir leis an LEE)

## MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Is iad cuspóirí Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 maidir le haicmiú, lipéadú agus pacáistiú substaintí agus meascán (CLP) ardleibhéal cosanta do shláinte an duine agus don chomhshaol a áirithiú chomh maith le saorghluaiseacht substaintí, meascán agus earraí. Comhlíontar na cuspóirí sin, *inter alia*, trí liosta substaintí gona n-aicmithe comhchuibhithe agus gona n-eilimintí lipéadaithe a leagan síos ar leibhéal an Aontais. Tugtar de chumhacht don Choimisiún le hAirteagal 37(5) de Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 substaintí a áireamh i dTábla 3 de Chuid 3 d'Iarscríbhinn VI, gan aon mhoill mhíchuí, i gcás ina gcinnfidh sé gurb iomchuí comhchuibhiú an aicmithe agus an lipéadaithe (athraíodh ainm Thábla 3.1 go Tábla 3, ó scriosadh Tábla 3.2).

I bhfianaise na dtuairimí arna n-eisiúint ag an gCoiste um Measúnú Rioscaí (RAC) de chuid na Gníomhaireachta Eorpaí Ceimiceán (ECHA), chomh maith leis na barúlacha a fuarthas ó na Ballstáit agus ó pháirtithe leasmhara á gcur san áireamh, is iomchuí aicmiú agus lipéadú comhchuibhithe substaintí áirithe a thabhairt isteach nó a thabhairt cothrom le dáta agus Tábla 3 de Chuid 3 d'Iarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 a leasú dá réir.

## 2. COMHAIRLIÚCHÁIN ROIMH GHLACADH AN GHNÍMH

I gcomhréir le hAirteagal 37(4) de Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008, rinne ECHA comhairliúchán poiblí i dtaca le gach substaint atá le cur isteach nó le modhnú i dTábla 3 de Chuid 3 d'Iarscríbhinn VI roimh ghlacadh na dtuairimí faoi seach maidir leis na tograí le haghaidh aicmiú agus lipéadú comhchuibhithe ag an Coiste um Measúnú Rioscaí (RAC). Na barúlacha a tugadh le linn na gcomhairliúchán poiblí, chuir an Coiste um Measúnú Priacail agus an Coimisiún san áireamh iad.

De bhun Airteagal 53a(4) de Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008, chuathas i gcomhairle le saineolaithe a d'ainmnigh gach Ballstát i ngrúpa saineolaithe ábhartha CARACAL (Údaráis Inniúla um REACH agus CLP). I gcomhréir le pointí 10 agus 11 den Iarscríbhinn a ghabhann leis an gComhaontú Idirinstitiúideach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr an 13 Aibreán 2016[1], iarradh ar Pharlaimint na hEorpa agus ar an gComhairle a bheith rannpháirteach i ngrúpa saineolaithe CARACAL.

Chuathas i gcomhairle le páirtithe leasmhara i ngrúpa saineolaithe CARACAL i gcomhréir le pointe 6 den Iarscríbhinn a ghabhann leis an gComhaontú sin.

## 3. EILIMINTÍ DLÍ AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 leis an ngníomh dlí. Is é Airteagal 37(5) de Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 bunús dlí an ghnímh tharmligthe seo.

---

[1] Comhaontú Idirinstitiúideach idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr (IO L 123, 12.5.2016, lch. 1).

**RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN**

**an 19.10.2023**

**lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 a mhéid a bhaineann le haicmiú agus lipéadú comhchuibhithe substaintí áirithe**

(Téacs atá ábhartha maidir leis an LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 maidir le haicmiú, lipéadú agus pacáistiú substaintí agus meascán, lena leasaítear agus lena n-aisghairtear Treoracha 67/548/CEE agus 1999/45/CE, agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006[1], agus go háirithe Airteagal 37(5) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I dTábla 3 de Chuid 3 d’Iarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008, tá liosta an aicmithe agus an lipéadaithe chomhchuibhithe ar shubstaintí guaiseacha arna bhunú ar na critéir a leagtar amach i gCodanna 2 go 5 d’Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán sin.

(2) Cuireadh tograí faoi bhráid na Gníomhaireachta Eorpaí Ceimiceán (‘an Ghníomhaireacht’) de bhun Airteagal 37 de Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008, tograí lenar moladh aicmiú agus lipéadú comhchuibhithe substaintí áirithe a thabhairt isteach agus aicmiú agus lipéadú comhchuibhithe substaintí áirithe eile a nuashonrú. Tar éis do Choiste um Measúnú Rioscaí (RAC) na Gníomhaireachta na barúlacha a fuarthas ó na páirtithe lena mbaineann a chur san áireamh, ghlac sé na tuairimí seo a leanas[2] maidir leis na tograí sin:

– Tuairim an 18 Márta 2021 maidir le beinsil(dé-eitiolaimín)défheinealfosfóiniam 4-[1,1,1,3,3,3-heicseafluara-2-(4-hiodrocsaifeinil)próipáin-2-il]feanól;

– Tuairim an 18 Márta 2021 maidir le beinsiltrífheinealfosfóiniam, salann le 4,4'-[2,2,2-trífhluarai-1-(trífhluaraimeitil)eitilidéin]bis[feanól] (1:1);

---

1 IO L 353, 31.12.2008, lch. 1.

2 Tá na tuairimí le fáil ar an suíomh gréasáin seo a leanas: https://echa.europa.eu/registry-of-clh-intentions-until-outcome/-/dislist/name/-/ecNumber/-/casNumber/-/dte_receiptFrom/-/dte_receiptTo/-/prc_public_status/Opinion+Adopted/dte_withdrawnFrom/-/dte_withdrawnTo/-/sbm_expected_submissionFrom/-/sbm_expected_submissionTo/-/dte_finalise_deadlineFrom/-/dte_finalise_deadlineTo/-/haz_addional_hazard/-/lec_submitter/-/dte_assessmentFrom/-/dte_assessmentTo/-/prc_regulatory_programme/-/. Tá tuairim an 16 Meán Fómhair 2021 maidir le hathmheasúnú arna iarraidh sin don Choimisiún le fáil ar an suíomh gréasáin seo a leanas: https://echa.europa.eu/about-us/who-we-are/committee-for-risk-assessment/opinions-of-the-rac-adopted-under-specific-echa-s-executive-director-requests.

– Tuairim an 18 Márta 2021 maidir le mais imoibriúcháin de 4,4'-[2,2,2-trífhluarai-1-(trífhluaraimeitil)eitilidéin]bis[feanól] agus beinsil(dé-eitiolaimín)défheinealfosfóiniam 4-[1,1,1,3,3,3-heicseafluara-2-(4-hiodrocsaifeinil)própáin-2-il]feanól (1:1);

– Tuairim an 18 Márta 2021 maidir le mais imoibriúcháin de 4,4'-[2,2,2-trífhluara-1-(trífhluaraimeitil)eitilidéin]défheanól agus beinsiltrífheinealfosfóiniam, salann le 4,4'-[2,2,2-trífhluarai-1-(trífhluaraimeitil)eitilidéin]défheanól (1:1);

– Tuairim an 18 Márta 2021 maidir le 4,4'-[2,2,2-trífhluara-1-(trífhluaraimeitil)eitilidéin]défheanól; bisfeanól-A;

– Tuairim an 18 Márta 2021 maidir le cainéalaildéad; 3-feiniolpróip-2-éanal; aildéad cionnamach; cionnamal;[1], (2E)-3-feiniolpróip-2-éanal [2];

– Tuairim an 18 Márta 2021 maidir le beanfluarailin (ISO); *N*-búitil-*N*-eitil-α,α,α-trífhluara-2,6-dénítrea-*p*-tolúidín;

– Tuairim an 18 Márta 2021 maidir le dé-isicianáit 3,3'-démheitildéfheinil-4,4'-dé-ile;

– Tuairim an 18 Márta 2021 maidir le foramsulfúrón (ISO); 2-{[(4,6-démheatocsaipirimidin-2-il)carbamóil]sulfamóil}-4-foramaimíde-*N,N*-démheitilbeansaimíd; 1-(4,6-démheatocsaipirimidin-2-il)-3-(2-démheitiolcarbaimil-5-foramaimídefeiniolsulfáinil)úiré;

– Tuairim an 18 Márta 2021 maidir le haicrioláit eitile;

– Tuairim an 18 Márta 2021 maidir le haicrioláit mheitile; própánóáit mheitile;

– Tuairim an 18 Márta 2021 maidir le meataicrioláit mheitile; meitil 2-meitiolpróip-2-éanóáit; meitil 2-meitiolpróipéanóáit;

– Tuairim an 18 Márta 2021 maidir le trasfhluaitrin (ISO); (1*R*,3*S*)-3-(2,2-déchlóraivinil)-2,2-démheitilcigleaprópáncarbocsaláit 2,3,5,6-teitreafluaraibeinsile;

– Tuairim an 18 Márta 2021 maidir le meataicrioláit aillile; 2-meitil-2-aigéad próipéanóch eistear 2-próipinile;

– Tuairim an 18 Márta 2021 maidir le clóiríd mheipiocuait (ISO); clóiríd 1,1-démheitilpipiridiniam;

– Tuairim an 10 Meitheamh 2021 maidir le trí-eitiolaimín;

– Tuairim an 10 Meitheamh 2021 maidir le dé-*n*-bhúitiolaimín;

– Tuairim an 10 Meitheamh 2021 maidir le 4-nítreasamorfóilín;

– Tuairim an 10 Meitheamh 2021 maidir le défheanaconasól (ISO); 1-({2-[2-clóra-4-(4-clóraifeanocsa)feinil]-4-meitil-1,3-dé-ocsaláin-2-il}meitil)-1H-1,2,4-trí-asól; 3-clóra-4-[(2RS,4RS;2RS,4SR)-4-meitil-2-(1H-1,2,4-trí-asóil-1-ilmeitil)-1,3-dé-ocsaláin-2-il]feinil 4-éitear clóraifeinile;

– Tuairim an 10 Meitheamh 2021 maidir le N,N-démheitil-p-tolúidín;

– Tuairim an 10 Meitheamh 2021 maidir le clóráit photaisiam (ISO);

- Tuairim an 10 Meitheamh 2021 maidir le clóráit sóidiam (ISO);
- Tuairim an 10 Meitheamh 2021 maidir le mais imoibriúcháin de bhútáin 1-(2,3-eapocsaprópocsa)-2,2-bis ((2,3-eapocsaprópocsa)meitil) agus bútáin 1-(2,3-eapocsaprópocsa)-2-((2,3-eapocsaprópocsa)meitil)-2-hídreacsaimeitil;
- Tuairim an 10 Meitheamh 2021 maidir le meitríbhúisín (ISO); 4-aimín-6-treas-búitil-3-meitiltia-1,2,4-trí-aisíon-5(4*H*)-óin; 4-aimín-4,5-déhidrea-6-(1,1-démheitileitil)-3-meitiltia-1,2,4-trí-aisíon-5-óin;
- Tuairim an 16 Meán Fómhair 2021 maidir le carbónáit litiam [1] clóiríd litiam [2] hiodrocsaíd litiam [3];
- Tuairim an 16 Meán Fómhair 2021 maidir le próipiolfosfónáit démheitile;
- Tuairim an 16 Meán Fómhair 2021 maidir le mailéáit débhúitiline;
- Tuairim an 16 Meán Fómhair 2021 maidir le hocsaíd débhúitiline;
- Tuairim an 16 Meán Fómhair 2021 maidir le clóitiainidín (ISO); (E)-1-(2-clórai-1,3-tiasóil-5-ilmeitil)-3-meitil-2-nítreaguainidín;
- Tuairim an 16 Meán Fómhair 2021 maidir le ciamocsainil (ISO); 2-ciana-N-[(eitiolaimín)carbóinil]-2-(meiteocsaimín)aicéataimíd;
- Tuairim an 16 Meán Fómhair 2021 maidir le naoinilfeanól, brainseach agus líneach, eatocsailithe (le meánmheáchan móilíneach <352 g/mol) [lena n-áirítear ortai-, meiti-, parai- isiméirí nó aon teaglaim díobh];
- Tuairim an 16 Meán Fómhair 2021 maidir le naoinilfeanól, brainseach agus líneach, eatocsailithe (le 352 g/mol ≤ meánmheáchan móilíneach < 704 g/mol) [lena n-áirítear ortai-, meiti-, parai- isiméirí nó aon teaglaim díobh];
- Tuairim an 16 Meán Fómhair 2021 maidir le naoinilfeanól, brainseach agus líneach, eatocsailithe (le 704 g/mol ≤ meánmheáchan móilíneach ≤ 1540 g/mol) [lena n-áirítear ortai-, meiti-, parai- isiméirí nó aon teaglaim díobh];
- Tuairim an 16 Meán Fómhair 2021 maidir le 1-feinileatán-1-ón (1-feinileitileitéin)hiodrasón;
- Tuairim an 16 Meán Fómhair 2021 maidir le clóiríd 9-[2-(eatocsacarbóinil)feinil]-3,6-bis(eitilaimín)-2,7-démheitileacaintiliam; Basic Red 1;
- Tuairim an 16 Meán Fómhair 2021 maidir le picilinifein (ISO); *N*-(4-fluaraifeinil)-6-[3-(trífhluaraimeitil)feanocsa]piridín-2-carbocsaimíd; 4′-fluara-6-[(α,α,α-trífhluara-m-toilil)ocsa]picilineanailíde;
- Tuairim an 16 Meán Fómhair 2021 maidir le dé-úrón (ISO); 3-(3,4-déchlóraifeinil)-1,1-démheitiolúiré;
- Tuairim an 16 Meán Fómhair 2021 maidir le hocsaíd défheanól(2,4,6-trímheitilbeansóil)foisfín;
- Tuairim an 16 Meán Fómhair 2021 maidir le suilfíd hidrigine, suilfíd hidrigine;
- Tuairim an 16 Meán Fómhair 2021 maidir le halcól beinsile;
- Tuairim an 16 Meán Fómhair 2021 maidir le reasairsíneol; 1,3-beinséin-dé-ól;

– Tuairim an 16 Meán Fómhair 2021 maidir le 2,2',6,6'-teitreabróma-4,4'-iseapróipilidéindéfheanól; teitreabrómaibisfeanól-A;

– Tuairim an 16 Meán Fómhair 2021 maidir le hathmheasúnú arna iarraidh sin don Choimisiún athbhreithniú a dhéanamh ar aicmiú comhchuibhithe luaidhe (comhshaol) –;

– Tuairim an 26 Samhain 2021 maidir le 2,2'-[[3-meitil-4-[(4-nítrifeinil)asó]feinil]imín]bioseatánól;

– Tuairim an 26 Samhain 2021 maidir le 3,3,4,4,5,5,6,6,7,7,8,8,8-trídheacafluara-ochtán-1-ól;

– Tuairim an 26 Samhain 2021 maidir le 1,4-Beinséindé-aimín, *N,N'*-Ph measctha agus díorthaigh toilile; Mais imoibriúcháin de *N*-feinil,*N*'-o-toilil-feinilléin dé-aimín, *N,N*'-défheanól-p-feinilléin dé-aimín agus *N,N'*-dé-o-toilil-feinilléin dé-aimín;

– Tuairim an 26 Samhain 2021 maidir le démheitiolaicrioláit teitrimeitiléine;

– Tuairim an 26 Samhain 2021 maidir le 7,7,9(nó 7,9,9)-trímheitil-4,13-dé-ocsa-3,14-dé-ocsai-5,12-dé-asaidheacsaideacán-1,16-dé-ile bismeataicrioláit;

– Tuairim an 26 Samhain 2021 maidir le 2,2'-démheitiolaicrioláit eitiléin-dé-ocsaidé-eitile;

– Tuairim an 26 Samhain 2021 maidir le défheanocs (ISO); 5-(2,4-déchlóraifeanocsa)-2-nítribeansóait mheitile;

– Tuairim an 26 Samhain 2021 maidir le 4-meitilimiodasól;

– Tuairim an 26 Samhain 2021 maidir le dé-ocsaíd sulfair;

– Tuairim an 26 Samhain 2021 maidir le 1,2-beinsisitiasól-3(2*H*)-óin; 1,2-beinsisitiasól-3-óin;

– Tuairim an 26 Samhain 2021 maidir le beanalacsail (ISO); meitil *N*-(2,6-démheitilfeinil)-*N*-(feiniolaicéitil)-DL-alainionáit.

(3) Fuair an Coimisiún faisnéis bhreise ó na páirtithe leasmhara a chuir in aghaidh an mheasúnaithe eolaíoch, ar measúnú é a leagtar amach i dtuairim an Choiste um Measúnú Priacail an 26 Samhain 2021 maidir le 1,4-Beinséindé-aimín, N,N'-Ph measctha agus díorthaigh toilile agus i dtuairim an Choiste um Measúnú Priacail an 16 Meán Fómhair 2021 maidir le hocsaíd débhúitiline. Rinneadh an fhaisnéis bhreise a mheas agus fuarthas nár leor í chun amhras a chaitheamh ar an anailís eolaíoch atá i dtuairimí an Choiste um Measúnú Priacail. Is iomchuí, dá bhrí sin, aicmiú agus lipéadú comhchuibhithe na substaintí lena mbaineann a thabhairt isteach ar bhonn an mheasúnaithe a rinneadh sna tuairimí sin.

(4) I dtuairim an Choiste um Measúnú Priacail an 16 Meán Fómhair 2021 maidir le tocsaineacht chomhshaoil luaidhe, cuireadh roghanna féideartha éagsúla chun cinn chun aicmiú comhchuibhithe luaidhe a thabhairt cothrom le dáta i dtaca le tocsaineacht uisce. Leis na roghanna sin, féadfar iontráil aonair a bheith ann i gcás luaidhe i bhfoirm púdair ('púdar luaidhe') agus i bhfoirm chomhleanúnach ('luaidhe chomhleanúnach') araon nó dhá iontráil ar leith a choinneáil, ceann amháin le haghaidh gach foirme. Mar sin féin, ós rud é go léirítear leis na sonraí maidir le

luaidhe chomhleanúnach tuaslagadh níos ísle in uisce ná mar a léirítear i gcás púdair luaidhe, is é an toradh a bhíonn ar ríomh i gcomhréir le Cuid 4 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 go ndéantar aicmiú nach bhfuil chomh dian céanna i gcás luaidhe chomhleanúnach. Is iomchuí, dá bhrí sin, an t-aicmiú tocsaineachta uiscí atá ann cheana maidir le púdar luaidhe a leasú maidir leis an M-fhachtóir agus aicmiú éagsúil tocsaineachta uiscí a thabhairt isteach maidir le luaidhe chomhleanúnach.

(5) I bhfianaise thuairimí an Choiste um Measúnú Priacail, is iomchuí, dá bhrí sin, aicmiú agus lipéadú comhchuibhithe na substaintí lena mbaineann a thabhairt isteach nó a thabhairt cothrom le dáta ar bhonn an mheasúnaithe a rinneadh sna tuairimí sin agus tar éis measúnuithe breise a dhéanamh.

(6) Ba cheart Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 a leasú dá réir sin.

(7) Maidir le meataicrioláit mheitile a aicmiú mar íogróir riospráide agus maidir le carbónáit litiam, clóiríd litiam agus hiodrocsaíd litiam a aicmiú mar shubstaintí tocsaineacha atáirgeacha, fuair an Coimisiún faisnéis bhreise ó pháirtithe leasmhara tar éis dó tuairimí an Choiste um Measúnú Priacail an 18 Márta 2021 agus an 16 Meán Fómhair 2021 maidir leis na substaintí sin a fháil. Ós rud é nach mór don Choiste um Measúnú Priacail measúnú breise a dhéanamh ar an bhfaisnéis eolaíoch nua sin, níor cheart meataicrioláit mheitile, carbónáit litiam, clóiríd litiam agus hiodrocsaíd litiam a mholtar i dtuairimí an Choiste um Measúnú Priacail a bheith faoi réir aicmiú agus lipéadú comhchuibhithe ag an gcéim seo.

(8) Maidir leis na haicmithe comhchuibhithe nua nó nuashonraithe, níor cheart é a chur de cheanglas iad a chomhlíonadh láithreach arae tá gá le tréimhse áirithe ama chun go mbeidh soláthróirí in ann an lipéadú agus an pacáistiú ar shubstaintí agus ar mheascáin a chur in oiriúint do na haicmithe nua nó nuashonraithe agus chun go mbeidh siad in ann an stoc atá acu cheana a dhíol faoi réir na gceanglas rialála atá ann cheana. Tá ga leis an tréimhse sin freisin chun go mbeidh go leor ama ag soláthróirí chun na bearta a dhéanamh is gá chun a áirithiú go leanfaidh siad de bheith i gcomhlíontacht le ceanglais dlí eile a thiocfaidh de na hathruithe a dhéantar faoin Rialachán seo. Mar sin féin, ba cheart é a bheith d'fhéidearthacht ag soláthróirí na haicmithe comhchuibhithe nua nó nuashonraithe a chur i bhfeidhm, agus an lipéadú agus an pacáistiú a chur in oiriúint dá réir, ar bhonn deonach, roimh dháta chur i bhfeidhm an Rialacháin seo chun ardleibhéal cosanta don tsláinte phoiblí agus don chomhshaol a bhaint amach agus chun solúbthacht leordhóthanach a thabhairt do sholáthróirí,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Iarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an 20ú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón [Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach an dáta = an chéad lá den mhí i ndiaidh 18 mí a bheith istigh ón dáta a tháinig an Rialachán seo i bhfeidhm]

Mar sin féin, féadfaidh soláthróirí, roimh an dáta sin, substaintí agus meascáin a aicmiú, a lipéadú agus a phacáistiú i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 arna leasú leis an Rialachán seo.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 19.10.2023

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
*Ursula VON DER LEYEN*